# Clár na dToghthóirí

## Iarratas le bheith i do thoghthóir gan ainm

Chun vóta a chaitheamh caithfidh tú a bheith ar an gclár toghthóirí. Is doiciméad poiblí é an clár toghthóirí agus de réir an dlí foilsítear é agus cuirtear ar fáil é le haghaidh iniúchta poiblí. Is cuid thábhachtach é seo de thrédhearcacht ár bpróiseas daonlathach.

Más rud é go ndéanfadh foilsiú d'ainm agus do sheoladh dochar (díobhálach) do do shábháilteacht phearsanta nó do shábháilteacht duine de do theaghlach, is féidir leat iarratas a dhéanamh le bheith i do thoghthóir gan ainm.

Má tá tú ar taifead mar "thoghthóir gan ainm" ní bheidh d'ainm agus do sheoladh ar fáil lena scrúdú. Áireofar tú le tagairt ina ionad sin. Vótálfaidh tú tríd an bpost agus ní fhreastalóidh tú ar do stáisiún vótaíochta ar an lá vótaíochta.

**Beidh do shonraí fós ar fáil d'fhoireann an údaráis áitiúil atá ag bainistiú an chláir agus d'fhoireann an chinn chomhairimh chun do bhallóid a eagrú.**

### Is féidir leat iarratas a dhéanamh le bheith i do thoghthóir gan ainm sna cásanna seo a leanas:

- Más rud é go ndéanfadh foilsiú d'ainm agus do sheoladh dochar (díobhálach) do do shábháilteacht phearsanta
- Más rud é go ndéanfadh foilsiú d'ainm agus do sheoladh dochar (díobhálach) do shábháilteacht duine de do theaghlach

Beidh ort faisnéis tacaíochta a sholáthar mar gheall ar an gcúis a bhfuil tú ag déanamh iarratais. Is féidir leis seo a bheith:

| Doiciméid tacaíochta | Nó | Dearbhú ó dhuine cáilithe |
|---|---|---|
| › Cóip d'ordú sábháilteachta, ordú urchoisc, ordú urchoisc eatramhach, ordú urchoisc éigeandála nó ordú cosanta arna eisiúint faoin Acht um Fhoréigean Baile 2018;<br>› cóip d'ordú srianta faoin Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997; nó<br>› ordú ciaptha arna dheonú faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017.<br><br>**Má tá tú ag seoladh ordú, beidh ort a chinntiú gurb é an t-aon duine atá inaitheanta ar an ordú ná tusa nó an ball de do theaghlach a ndéanann an t-ordú difear dó. Ba cheart duit a chinntiú nach féidir sonraí páirtithe eile a fheiceáil.** | Nó | Is féidir go mbeidh an dearbhú ar leathanach 4 sínithe ag:<br>› comhalta den Gharda Síochána (le grád ceannfoirt nó níos airde); nó<br>› liachleachtóir cláraithe mar shampla liachleachtóir ginearálta (DG).<br><br>Luafar sa dearbhú go bhfuil siad den tuairim go mbeadh do shábháilteacht nó sábháilteacht duine de do theaghlach i mbaol dá mbeadh d'ainm agus do sheoladh sa chlár toghthóirí a foilsíodh nó a cuireadh ar fáil lena iniúchadh ag an bpobal. |

Munar tusa an duine atá ainmnithe san ordú cúirte, caithfidh tú roinnt fianaise a chur ar fáil go bhfuil cónaí ort ag an seoladh céanna leis an duine ainmnithe, mar shampla bille i d'ainm ag an seoladh céanna.

Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh an fhoirm seo le do thoil.

# Clár na dToghthóirí

## Iarratas le bheith i do thoghthóir gan ainm

**Tá sé níos éasca ar líne!**

Is ar líne an bealach is éasca duit clárú chun vótáil nó chun do chuid sonraí a nuashonrú.

**www.seiceáilanclár.ie**

Bain úsáid as an bhfoirm seo chun iarratas a dhéanamh le bheith i do thoghthóir gan ainm. Ní bheidh d'ainm ná do sheoladh ar fáil don phobal mar ní bheidh siad le feiceáil ar chlár na dtoghthóirí. Áireofar tú le teistiméireacht ina ionad sin agus vótálfaidh tú tríd an bpost. **Tabhair faoi deara: Beidh rochtain ag foireann saincheadúnais an údaráis áitiúil (clárúchán toghcháin) agus ag foireann an chinn chomhairimh áitiúil a bhainistíonn vótaí poist ar d'fhaisnéis chun críocha próiseála.**

Chun d'iarratas a phróiseáil caithfidh muid faisnéis phearsanta fút a bhailiú. Insímid duit cén fhaisnéis atá de dhíth orainn agus cén fáth go bhfuil sé de dhíth orainn sna nótaí treorach. Léigh an t-eolas seo le do thoil le cabhrú leat an fhoirm a líonadh. Beidh ort roinnt doiciméad tacaíochta a sholáthar freisin.

**Comhlánaigh an fhoirm seo i mBLOCLITREACHA, le do thoil**

## 1 Do shonraí

Céadainm

Sloinne

Uimhir PSP

Dáta breithe (L L M M B B B B)

Uimhir fóin

Seoladh ríomhphoist

Náisiúntacht

Seoladh baile — D'áit chónaithe anois.

Éirchód

## 2 Cúis le d'iarratas

Luaigh go hachomair an chúis le d'iarratas

Roghnaigh ceann le do thoil:

☐ Tá doiciméid tacaíochta in éineacht le m'iarratas

nó

☐ Tá dearbhú in éineacht le m'iarratas.

## 3 Sínigh

Creidim, chomh fada agus is eol dom, go bhfuil an t-eolas agus na doiciméid a thacaíonn le m'iarratas curtha ar fáil agam:

- fírinneach, agus
- iomlán.

Tuigim gur coir dhlíthiúil é faoin dlí toghcháin faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go feasach d'údarás áitiúil.

Síniú

Dáta L L M M B B B B

# Dearbhú (má tá sé de dhíth)

**Nóta don Gharda nó Liachleachtóir Cláraithe:** Ligeann clárú gan ainm do chlárú daoine a mbeadh a sábháilteacht i mbaol, nó a mbeadh sábháilteacht duine dá dteaghlach i mbaol, dá mbeadh a n-ainm nó a seoladh ar fáil go poiblí ar chlár na dtoghthóirí. Caithfidh an t-iarratasóir faisnéis tacaíochta a chur ar fáil lena n-iarratas. Is féidir leis seo a bheith ina dhearbhú ó dhuine cáilithe (comhalta den Gharda Síochána (le grád ceannfoirt nó níos airde) nó liachleachtóir cláraithe (D.G.).

Luafar sa dearbhú go bhfuil siad den tuairim go mbeadh an t-iarratasóir agus/nó ba(i)ll dá dteaghlach (i gcás go mbaineann sé seo) i mbaol dá mbeadh a n-ainmneacha agus an seoladh ina raibh siad ina gcónaí sa chlár toghthóirí atá ar fáil lena iniúchadh ag an bpobal.

**Cuir tic más iomchuí**

- ☐ Tá an dearbhú seo á dhéanamh ag comhalta den Gharda Síochána (grád ceannfoirt nó níos airde).
- ☐ Tá an dearbhú seo á dhéanamh ag liachleachtóir cláraithe.

Ainm iomlán

Gairm/grád

Seoladh oibre

Éirchód

Stampa

Más stáisiún na nGardaí / údarás áitiúil atá ann.

Uimhir fóin

Uimhir Chomhairle na nDochtúirí Leighis (Más liachleachtóir atá i gceist)

## Dearbhú agus síniú finné

Dearbhaím ____________, i mo thuairim go mbeadh sábháilteacht an iarratasóra ____________ nó duine dá dteaghlach i mbaol, dá mbeadh foilsiú nó cur ar fáil le haghaidh iniúchta, ainm agus seoladh an iarratasóra ar chlár na dtoghthóirí.

# Faisnéis agus treoir chun an fhoirm seo a líonadh isteach

## Conas a úsáidtear do chuid faisnéise

Chun vóta a chaitheamh caithfidh tú a bheith ar an gclár toghthóirí.

Tá roinnt sonraí pearsanta ó d'údarás áitiúil (d'ainm, seoladh baile, dáta breithe, Uimhir PSP agus náisiúntacht san áireamh) chun d'iarratas a phróiseáil chun tú a chlárú chun vóta a chaitheamh nó athruithe a dhéanamh ar thaifead reatha.

Féadfar an t-eolas seo a roinnt le húdaráis áitiúla eile nuair is gá chun an clár toghthóirí a bhainistiú agus a choimeád.

Chun cruinneas an chláir a chosaint is féidir do shonraí aitheantais a chros-seiceáil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar bhonn teoranta chun sonraí aitheantais a dheimhniú (ainm, dáta breithe, UPSP). Cé gur doiciméad poiblí é an clár, ní fhoilseofar d'uimhir PSP ná do dháta breithe.

I gcás toghthóirí gan ainm ní fhoilseofar aon sonraí aitheantais, lena n-áirítear a n-ainm agus a seoladh.

Cabhraíonn sé seo na nithe seo a leanas a chinntiú:

- nach bhfuil ach daoine incháilithe cláraithe chun vóta a chaitheamh,
- go gcoimeádtar an clár suas chun dáta, agus
- níl aon duine ar an gclár faoi dhó ná nach bhfuil sonraí míchearta acu.

Leagtar an bunús dlí sin amach san Acht um Athchóiriú Toghchánach, 2022.

## Faisnéis tacaíochta

Beidh ort ceann amháin díobh seo a leanas a chur isteach le d'iarratas:

- Cóip d'ordú cúirte iomchuí - beidh ort a chinntiú nach bhfuil aon sonraí aitheantais le feiceáil maidir le páirtí ar bith seachas an páirtí a bhaineann leis an iarratas seo.

nó

- Dearbhú déanta ag Garda (ag leibhéal Ceannfoirt nó níos airde), nó liachleachtóir cláraithe, mar shampla D.G, ag tabhairt le fios go bhfuil siad den tuairim go mbeadh do shábháilteacht nó sábháilteacht duine de do theaghlach i mbaol dá mbeadh d'ainm agus do sheoladh ar fáil don phobal ar chlár na dtoghthóirí.

Munar tusa an duine atá ainmnithe san ordú beidh ort fianaise a sholáthar go bhfuil cónaí ort ag an seoladh céanna.

## Ag seoladh an fhoirm seo chuig d'údarás áitiúil

Cuimhnigh:

- Cuir fianaise san áireamh chun tacú le d'iarratas (cóip den doiciméad nó dearbhú cúirte ábhartha). Nuair atá doiciméadú á sholáthar agat chun tacú le d'iarratas, mar shampla ordú cúirte, caithfidh tú a bheith cinnte nach bhfuil sonraí aon tríú páirtí le feiceáil ar an ordú - is féidir leat sonraí den sórt sin a bhaint amach;
- Cuir fianaise ar fáil go bhfuil tú i do bhall den teaghlach céanna leis an duine atá i mbaol (nuair atá sin de dhíth);
- Sínigh agus cuir dáta ar an bhfoirm.

## An dáta is déanaí chun Iarratas a fháil

Is féidir leat an fhoirm seo a sheoladh chuig d'údarás áitiúil ag am ar bith. **Sa chás gur glaodh toghchán nó reifreann go foirmiúil**, ní mór don údarás áitiúil an fhoirm a fháil tráth nach déanaí ná:

| Imeacht toghcháin | An dáta is déanaí le haghaidh d'iarratais a bheith faighte ag d'údarás áitiúil |
|---|---|
| **Toghchán don Dáil** | Dhá lá tar éis dáta lánscor na Dála |
| **Fothoghchán Dála** | Dhá lá tar éis an t-ordú lá vótaíochta a dhéanamh i gcás fothoghchán Dála |
| **Toghchán uachtaránachta, Eorpach nó áitiúil nó reifreann** | 22 lá ar a laghad roimh lá na vótála (gan Domhnach, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Poiblí san áireamh) |

Ní féidir foirmeacha a fhaightear go déanach a mheas agus ní bheidh aon éifeacht acu don toghchán nó don reifreann sin.

## Cá seolfaidh mé an fhoirm chomhlánaithe?

Seol d'fhoirm mar aon le haon fhaisnéis eile a theastaíonn chuig d'údarás áitiúil. Ar an gclúdach, scríobh 'Clár na dToghthóirí faoi Rún' agus seoladh d'údarás áitiúil. Is féidir leat stampa caighdeánach a chur air agus é a chur sa phost.

## Tuilleadh eolais

Más gá duit seoladh d'údaráis áitiúil a chuardach, is féidir leat é a fháil ar líne nó ceist a chur ar d'Ionad Eolais do Shaoránaigh áitiúil.